Tábla Ríomha Tobhach

Tréimhse Iarbhír ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024

Caiteachas iarbhír:

Ba é €17,342,204 na costais iarbhír a thabhaigh Coimisiún na Meán ó cheart i leith Seirbhísí Craolacháin Teilifíse, Seirbhísí Craolacháin Fuaime, Seirbhísí Meán Closamhairc ar Éileamh agus Seirbhísí Ainmnithe ar Líne a rialú le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024.

Leis an tábla thíos, soláthraítear réiteach an Chaiteachais iomláin de réir na Tuarascála Bliantúla leis an gCaiteachas chun críoch Réitigh Tobhaigh a ríomhadh:

	Seirbhísí Craolacháin Teilifíse	Seirbhísí Craolacháin Fuaime	Seirbhísí Meán Closamhairc ar Éileamh	Seirbhísí Ainmnithe ar Líne	Iomlán
	€	€	€	€	€
Caiteachas iomlán de réir na Tuarascála Bliantúla	3,429,873	2,188,353	855,175	10,963,643	17,437,044
Coigeartuithe:					
Ioncam Eile	(2,777)	(1,115)	(2,196)	(6,942)	(13,030)
Ioncam Alt 71	(64,810)				(64,810)
Aistriú ón gCuntas Caipitil	(3,000)	(3,000)	(1,000)	(10,000)	(17,000)
Caiteachas chun críoch Réitigh Tobhaigh	**3,359,286**	**2,184,238**	**851,979**	**10,946,701**	**17,342,204**

Is féidir an tobhach iarbhír le haghaidh na gcatagóirí Craolacháin Teilifíse agus Craolacháin Fuaime (iad siúd a bhfuil ioncam cáilitheach níos mó ná €500,000 acu) a ríomh bunaithe ar na figiúirí sa tábla thíos:

Ioncam cáilitheach bonnbhliana	Craolachán Teilifíse Tobhach Céatadáin	Craolachán Fuaime Tobhach Céatadáin
€1 go €1,000,000	2.20%	1.97%
€1,000,001 go €10,000,000	1.95%	1.72%
€10,000,001 go €20,000,000	1.70%	1.47%
€20,000,001 go €45,000,000	1.45%	1.22%
Os cionn €45,000,000	0.45%	0.22%
Ioncam Cáilitheach Deimhnithe Iomlán	**€394,126,895**	**€126,832,916**

*Slánaítear an tobhach céatadáin go dtí an dá phointe dheachúla is gaire chun críoch cur i láthair. Ríomhfar an tobhach ar bhonn an ráta iomláin gan slánú chun cruinneas a chinntiú.

Is féidir an tobhach iarbhír le haghaidh na catagóire Seirbhíse Meán Closamhairc ar Éileamh (iad siúd a bhfuil ioncam cáilitheach níos mó ná €500,000 acu) a ríomh bunaithe ar na figiúirí sa tábla thíos:

Ioncam Cáilitheach Deimhnithe Iomlán	€327,919,171
Ráta in aghaidh an euro d'ioncam cáilitheach (€)*	0.0026

*Slánaítear an ráta in aghaidh an euro go dtí na ceithre phointe dheachúla is gaire chun críoch cur i láthair. Ríomhfar an tobhach ar bhonn an ráta iomláin gan slánú chun cruinneas a chinntiú.

Is féidir an tobhach iarbhír le haghaidh na catagóire Seirbhíse Ainmnithe ar Líne a ríomh bunaithe ar na figiúirí sa tábla thíos:

Iomlán AMARS logáilte isteach	1,268,326,429
Ráta in aghaidh an úsáideora (€)*	0.0086

*Slánaítear an ráta in aghaidh an úsáideora go dtí na ceithre phointe dheachúla is gaire chun críoch cur i láthair. Ríomhfar an tobhach ar bhonn an ráta iomláin gan slánú chun cruinneas a chinntiú.